AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 793 final

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine

{SWD(2025) 430 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghearmáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Feabhra 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 16 Iúil 2024[5] agus an 8 Iúil 2025[6].

(2) An 11 Nollaig 2025 rinne an Ghearmáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGearmáin.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghearmáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 35 bheart.

(4) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil ceithre bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, i ngeall ar athruithe ar éileamh an mhargaidh. Baineann sé sin le beart 1.1.2

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 Féach doiciméid ST 10158/21 INIT; ST 10158/21 ADD 1.
3 Féach doiciméid ST 5536/23 INIT.
4 Féach doiciméid ST 15572/23 INIT.
5 Féach doiciméid ST 11674/24 INIT; ST 11674/24 COR 1; ST 11674/24 COR 2(sk); ST11674/24 ADD1.
6 Féach doiciméid ST 10517/25 INIT; ST 10517/25 ADD 1.

(Clár tacaíochta chun an tionsclaíocht a dhícharbónú), beart 1.2.6 (Tacaíocht chun tiomáint mhalartach iarnróid a chur chun cinn), 2.1.3 (Bonneagar agus Seirbhísí Néalta IPCEI den Chéad Ghlúin Eile (IPCEI CIS) agus beart 7.1.2 (Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, i ngeall ar athruithe ar an amlíne. Baineann sé sin le beart 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme sa chaoi go mbainfear amach an uaillmhian a bhí i gceist leis na bearta sin i dtús ama. Baineann sé sin le beart 1.2.7 (Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn) agus beart 6.1.3 (Digitiú an riaracháin - nuachóiriú na gclár). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil 28 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le beart 1.1.4 (Taighde ar chosaint aeráide a bhaineann le tionscadail), beart 1.1.5 (Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine), beart 1.1.6 (Tacaíocht chónaidhme le haghaidh líonraí teasa éifeachtúla), beart 1.2.1 (Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil), beart 1.2.3 (Tacaíocht chun an flít feithiclí príobháideacha a athsholáthar), beart 1.2.4 (Síneadh a chur leis an tréimhse chlárúcháin tosaigh chun an díolúine chánach 10 mbliana a dheonú d'fheithiclí lánleictreacha), beart 1.2.5 (Tacaíocht chun busanna a bhfuil modhanna tiomána malartacha acu a cheannach), beart 1.3.2 (Saotharlanna beo bardasacha le haghaidh an aistrithe fuinnimh), beart 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh), beart 2.1.1 (Beartas sonraí nuálach don Ghearmáin), 2.1.2 (IPCEI - Micrileictreonaic agus Nascacht), beart 2.2.1 (Clár infheistíochta monaróirí/soláthraithe feithiclí), beart 2.2.2 (Clár Cónaidhme 'Líonraí breise CET a thógáil'), beart 2.2.3 (Ionad Taighde Digitithe agus Teicneolaíochta an Bundeswehr), beart 3.1.1 (Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí), beart 3.1.2 (Ardán oideachais), beart 3.1.3 (Ionaid barr feabhais oideachais), beart 3.1.4 (Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú), beart 4.1.1 (Clár infheistíochta 'Maoiniú cúraim leanaí' 2020/21: Ciste speisialta 'Fairsingiú Cúraim Lae Leanaí'), beart 4.1.5 (Forbhreathnú Pinsin Digiteach), beart 5.1.2 (Clár chun go mbeadh ospidéil slán i bhfad na haimsire), beart 6.1.1 (Éiceachóras na céannachta Eorpaí), beart 6.1.2 (Digitiú an riaracháin - Cur Chun Feidhme an Achta um Rochtain ar Líne), beart 6.2.1 (Clár comhpháirteach an rialtais chónaidhme agus na Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí), beart 6.2.2 (Seirbhísí comhairliúcháin PD - Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú), beart 6.2.3 (Dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair), beart 7.1.1 ((uas-scálú): Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) agus beart 7.1.3 (Ardán digiteach ó cheann go ceann chun dlús a chur le pleanáil agus formheas). Ar an

mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an nGearmáin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme birt amháin a mhéadú. Baineann sé sin le beart 1.2.7 (Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme birt amháin a mhéadú.

Dáileadh cloch míle agus spriocanna

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ghearmáin i láthair a chur san áireamh.

Measúnú ón gCoimisiún

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as an athchóiriú. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 44,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 48 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(12) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ó 46,3 % go 44,9 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 45,8 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(14) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú digiteach. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ó 46,1 % go 45,8 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

Aon chritéar measúnaithe eile

(15) Measann an Coimisiún, leis na leasuithe a chuir an Ghearmáin chun cinn, nach ndéantar difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k).

Measúnú dearfach

(16) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

(17) Is é EUR 30 591 028 678 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghearmáin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine, ba cheart gurb é EUR 30 324 665 082 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ghearmáin.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(19) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Airteagal 2

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne. .

Airteagal 3
Seolaí

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán